Cuntas Leithreasa 2021

# Vóta 35

# Arm-Phinsin

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 35, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ullmhaithe agam sa chuntas a ghabhann leis seo ar phá scoir, pinsin, cúiteamh, liúntais agus aiscí is iníoctha faoi ilreachtanna le comhaltaí Óglaigh na hÉireann nó ina leith agus le comhaltaí eagraíochtaí míleata eile, etc., agus ina leith agus le haghaidh il-ranníocaíochtaí agus ilchaiteachais i ndáil leo sin; le haghaidh liúntais sheachreachtúla áirithe leanaí agus íocaíochtaí eile agus le haghaidh ildeontas.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €2.73 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go n-aimsítear iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte párolla pinsin a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta ar an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ann.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann, ag a bhfuil Cathaoirleach neamhspleách, chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.
- Taifeadadh nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

***Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agamsa. Feidhmíonn an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí go neamhspleách agus tá a chuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn, lena n-áirítear Vóta na nArm-Phinsean, neamhchosanta orthu, agus tá a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Le linn 2021, chríochnaigh an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí iniúchadh i réimse Vóta na nArm-Phinsean. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Comhlíonadh rialacha soláthair***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus déantar iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn míosúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear leis an gclár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar leis freagracht as feidhmiú na rialuithe do bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnaimh shainaitheanta.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2021 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

***Saincheisteanna rialaithe Covid-19***

Mar thoradh ar phaindéim Covid-19 sna míonna tosaigh de 2020, tháinig roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe trí chianoibriú agus oibriú fíorúil a thabhairt isteach nuair ab indéanta agus ba chuí, ag féachaint do nádúr na hoibre sa Roinn. Mar thoradh air sin, thug an Roinn isteach roinnt athruithe nós imeachta agus rialaithe. Faoi chreat riosca agus rialaithe na Roinne, rinne an lucht bainistíochta measúnú riosca iomlán ar thionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Deimhním go leanann na rialuithe, idir iad sin atá ann cheana féin agus na rialuithe a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19, de bheith éifeachtach.

**Jacqui McCrum**
Oifigeach Cuntasaíochta
Arm-Phinsin

30 Márta 2022

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 35 Arm-Phinsin

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 35 Arm-Phinsin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 35 Arm-Phinsin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Arm-Phinsin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 35 Arm-Phinsin

## Cuntas Leithreasa 2021

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Soláthar do shochair phinsin Óglaigh na hÉireann | 262,650 | 259,903 | 251,027 |
| **Ollchaiteachas** | | **262,650** | **259,903** | **251,027** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **5,000** | **4,983** | **4,986** |
| **Glanchaiteachas** | | **257,650** | **254,920** | **246,041** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh thar an nglansuim a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **2,729,751** | **8,109,287** |

**Jacqui McCrum**
Oifigeach Cuntasaíochta
Arm-Phinsin

30 Márta 2022

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | | €000 |
| Costas an chláir | 259,835 | 250,963 |
| Pá | 64 | 61 |
| Neamhphá | 4 | 3 |
| **Ollchaiteachas** | **259,903** | **251,027** |
| *Lúide* | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | **4,983** | **4,986** |
| **Glanchaiteachas** | **254,920** | **246,041** |
| | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | 2,875 | 2,793 |
| **Glanchostas an chláir** | **257,795** | **248,834** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 35 a tabhaíodh in áit eile, maidir le riar sochar pinsin agus seirbhísí eile.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 1,121 | 1,147 |
| Vóta 36 | Cosaint | 1,728 | 1,646 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 26 | — |
| | | **2,875** | **2,793** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 2,819 | 51 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 1 | — |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **2,820** | **51** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.1 | 2,499 | 36 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.2 | 321 | 15 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **2,820** | **51** |
| **Glansócmhainní reatha** | | — | — |
| **Glansócmhainní** | | **—** | **—** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas maoinithe stáit** | 2.3 | **—** | **—** |

### 2.1 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 2,054 | 1 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 327 | — |
| Cáin mhaoine áitiúil | 61 | — |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 1 | — |
| | 2,443 | 1 |
| Íocaíochtaí pinsin á gcoinneáil ar fionraí | 56 | 35 |
| | **2,499** | **36** |

## 2.2 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 2,730 | 8,109 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (2,409) | (8,094) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **321** | **15** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 2,819 | 51 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1 | — |
| | 2,820 | 51 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (2,443) | (1) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (56) | (35) |
| | (2,499) | (36) |
| | **321** | **15** |

## 2.3 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | — | — |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 257,650 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (2,730) | | |
| Glanvóta | | | 254,920 | 246,041 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 2,875 | 2,793 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (257,795) | (248,834) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **—** | **—** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Clár A Soláthar do shochair phinsin Óglaigh na hÉireann

| | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 70 | 68 | 64 |
| A.2 | Scéimeanna (pinsean) Óglaigh na hÉireann agus íocaíochtaí i leith seirbhíse aistrithe | 253,105 | 251,230 | 242,855 |
| A.3 | Pinsin chréachta agus mhíchumais, liúntais agus aiscí le hiarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann nó i ndáil leo | 9,000 | 8,290 | 7,820 |
| A.4 | Íocaíochtaí le céilí iarlaochra i gCogadh na Saoirse | 150 | 104 | 154 |
| A.5 | Íocaíochtaí cúitimh | 225 | 73 | 74 |
| A.6 | Fearais liachta agus costais taistil agus teagmhasacha | 100 | 138 | 60 |
| | | **262,650** | **259,903** | **251,027** |

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €2.747 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha i gcaiteachais an chláir (+/- 5% agus €100,000).

**A.3 Pinsin chréachta agus mhíchumais, liúntais agus aiscí le hiarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann nó i ndáil leo**

*Soláthar meastachán €9 milliún; toradh €8.29 milliún*

Tá an gannchaiteachas de €710,000 ann mar gheall ar an líon dámhachtainí nua cnapshuime míchumais agus cnapshuime a tháinig chun bheith iníoctha in 2021 a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Is iad na tosca a mbíonn tionchar acu ar chaiteachas ná líon agus toradh na n-iarratas nua ar phinsean míchumais. Mar gheall ar nádúr an éilimh atá ann, bíonn sé deacair caiteachas san fho-mhírcheann seo a thuar ó bhliain go bliain. Toisc eile in 2021 ba ea nach raibh Bord na nArm-Phinsean a imscrúdaíonn iarratais ar phinsin mhíchumais agus aiscí míthreorach in ann cruinnithe a thionól ag amanna áirithe sa bhliain mar gheall ar shrianta Covid-19.

**A.5 Íocaíochtaí cúitimh**

*Soláthar meastacháin €225,000; toradh €73,000*

Eascraíonn an gannchaiteachas de €152,000 mar go ndéanann an phríomheilimint 'teagmhasachta' den fho-mhírcheann seo soláthar do chúiteamh cnapshuime speisialta a bheith á íoc ag an Roinn Cosanta as básanna a bhaineann le seirbhís nó le míchumas comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann agus iad ag seirbheáil thar lear leis na Náisiúin Aontaithe agus le misin áirithe eile. Ní raibh aon íocaíochtaí den sórt sin sa chatagóir seo le linn 2021.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta €000 | Réadaithe €000 | Réadaithe €000 |
| 1 | Ranníocaíocaíochtaí le Scéimeanna Pinsean Céilí agus Leanaí Óglaigh na hÉireann | 3,347 | 3,169 | 3,223 |
| 2 | Ranníocaí le (Príomh-)Scéimeanna Pinsean) Óglaigh na hÉireann | 1,500 | 1,762 | 1,692 |
| 3 | Aisghabháil ró-íocaíochtaí | 40 | 48 | 70 |
| 4 | Íocaíochtaí a fuarthas i leith seirbhís aistrithe | 40 | — | — |
| 5 | Ilghnéitheach | 70 | 2 | — |
| 6 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 3 | 2 | 1 |
| | **Iomlán** | **5,000** | **4,983** | **4,986** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

**1 Ranníocaíochtaí le Scéimeanna Pinsean Céilí agus Leanaí Óglaigh na hÉireann**

*Meastachán €3.347 milliún; réadaithe €3.169 milliún*

Tharla an t-easnamh de €178,000 toisc go raibh ranníocaíochtaí le Scéimeanna Pinsean Céilí agus Leanaí ó phearsanra na mBuan-Óglach ar seirbhís níos ísle ná mar a ceapadh. Athróidh ranníocaíochtaí de réir athruithe pearsanra, tuilleamh inphinsin agus dul chun cinn gairme ar fud na mBuan-Óglach. Is deacair mar sin leibhéal na bhfáltas a thuar in aon bhliain ar leith.

**2 Ranníocaíochtai le (Príomh-)Scéimeanna Pinsean Óglaigh na hÉireann**

*Meastachán €1.5 milliún; réadaithe €1.762 milliún*

Tharla an barrachas de €262,000 toisc go raibh ranníocaíochtaí leis na scéimeanna pinsean ó phearsanra na mBuan-Óglaigh níos airde ná mar a ceapadh. Athróidh ranníocaíochtaí de réir athruithe pearsanra, tuilleamh inphinsin agus dul chun cinn gairme ar fud na mBuan-Óglach. Is deacair mar sin leibhéal na bhfáltas a thuar in aon bhliain ar leith.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon fostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| Líon foirne | **1** | **1** |

### 5.2 Pá

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 62 | 59 |
| ÁSPC an fhostóra | 2 | 2 |
| **Pá iomlán** [a] | **64** | **61** |

Nóta [a] Áirítear leis an bhfigiúr pá thuas tuarastal ball foirne lánaimseartha amháin de chuid na Roinne Cosanta (féach Nóta 5.1) a sholáthraíonn tacaíocht riaracháin do Bhord na nArm-Phinsean, agus táillí a íocadh le beirt chomhaltaí den Bhord in 2021. Muirearaítear na costais phá sin agus na costais taistil ghaolmhara de €4,000 ar fho-mhírcheann A.1.

Faoi láthair, tá 23.9 fostaí (coibhéisí lánaimseartha) de chuid na Roinne Cosanta ag gabháil go sonrach do shocruithe aoisliúntais agus míchumais Óglaigh na hÉireann a riar. Muirearaítear a luach saothair, arb ionann é agus thart ar €1,149,000 ar Vóta 36.

### 5.3 Pinsean scoir (bliantúil) – meáníocaíochtaí le pearsanra de chuid Óglaigh na hÉireann atá ar scor [a]

| Catagóir an phinsinéara | Líon faighteoirí pinsin ag deireadh na bliana | | Meáníocaíocht aonair (slánaithe) | |
|---|---|---|---|---|
| | **2021** | **2020** | **2021** | **2020** |
| | | | **€** | **€** |
| Oifigigh ar scor | 1,854 | 1,853 | 32,580 | 32,100 |
| Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe (ONCanna) agus saighdiúirí singile ar scor | 9,202 | 9,086 | 17,700 | 17,100 |
| Cleithiúnaithe agus eile [b] | 1,834 | 1,833 | | |
| **Iomlán** | **12,890** | **12,772** | | |

Nóta [a] Léirítear i dTábla 5.3 líon iomlán na ndaoine le haghaidh gach catagóire faighteoirí ó gach fo-mhírcheann ábhartha amhail ag deireadh na bliana laistigh de Vóta 35. Tá roinnt pearsan scortha ag fáil pinsean scoir míleata agus pinsean míchumais míleata araon, agus tá íocaíochtaí comhchosúla iníoctha le roinnt céilí/leanaí le pearsana éagtha: ní chomhairtear na faighteoirí déacha sin ach uair amháin chun críocha líon na ndaoine thuas. Ríomhtar an mheáníocaíocht pinsin aonair a thaifeadtar do phearsana ar scor trí thagairt a dhéanamh don chaiteachas iomlán ar phinsin scoir amhail ag deireadh na bliana faoi fho-mhírcheann A.2.

[b] Níor taifeadadh an mheáníocaíocht aonair thuas faoi 'cleithiúnaithe agus eile' toisc go n-athraíonn na suimeanna mar gheall ar na catagóirí éagsúla faighteoirí laistigh den fhoghrúpa sin. Ba é meánphinsean iomlán na gcleithiúnaithe a bhain le haoisliúntas do 1,417 bhfaighteoir in 2021 ná €9,500, atá cosúil leis an bhfigiúr do 2020.

### 5.4 Aisce scoir (cnapshuim) – meáníocaíochtaí nuair a imíonn duine ar scor ar an bpinsean [a]

| Catagóir pinsinéara | Líon faighteoirí | | Meáníocaíocht aonair (slánaithe) | |
|---|---|---|---|---|
| | **2021** | **2020** | **2021** | **2020** |
| | | | **€** | **€** |
| **Pinsinéirí nua ar an bpinsean sa bhliain** | | | | |
| Oifigigh | 20 | 25 | 122,752 | 99,250 |
| NCOanna agus saighdiúirí singile | 278 | 267 | 41,976 | 44,550 |
| **Iomlán** | **298** | **292** | | |

Nóta [a] Athraíonn an leibhéal pinsin agus aiscí scoir de réir céim scoir, tuilleamh inphinsin, seirbhís ináirithe iomlán, etc.

## 5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Muirearaítear tuarastal an Oifigigh Chuntasaíochta ar Vóta 36 Cosaint.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Íocaíochtaí de bhreis ar theidlíochtaí

Bhí 91 ró-íocaíocht gan íoc ag deireadh na bliana (2020: 83), arbh fhiú €83,659 iad, agus baineann €31,617 de sin le blianta roimhe sin. Tháinig ró-íocaíochtaí de €129,869 chun solais in 2021, dar aisghabhadh €75,146 agus dar díscríobhadh €2,681. Tá iarrachtaí ar siúl chun na suimeanna gan íoc a aisghabháil. Baineann formhór mór na ró-íocaíochtaí sin leis an gcuid den phinsean a íocadh sa tréimhse tar éis dáta báis pinsinéara, nuair a bhí an párolla míosúil próiseáilte cheana féin don mhí sin.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Iarmhéid tosaigh** | | **64,686** | **54,224** |
| Ró-íocaíochtaí aitheanta sa bhliain | | 129,869 | 102,652 |
| | | 194,555 | 156,876 |
| **Forchúitithe** | | | |
| Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh in 2021 | 75,146 | | |
| Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh roimh 2021 | 27,306 | 102,452 | 87,676 |
| | | 92,103 | 69,200 |
| **Díscríofa** | | | |
| Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh in 2021 | 2,681 | | |
| Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh roimh 2021 | 5,763 | 8,444 | 4,514 |
| **Iarmhéid deiridh** | | **83,659** | **64,686** |

### 6.2 Íocaíochtaí atá faoi réir lacáiste pinsin seirbhíse poiblí

Seachas na figiúirí ag 6.1 thuas, bhí 16 ró-íocaíocht eile gan íoc ag deireadh na bliana arbh fhiú €53,969 iad (féach an tábla thíos). Bhain siad sin le hiarchomhaltaí de na Buan-Óglaigh a bhí ag fáil pinsin scoir mhíleata agus a chuaigh i mbun fostaíochta in áit eile sa tseirbhís phoiblí ina dhiaidh sin. Tá pinsin den sórt sin faoi réir fhorálacha lacáiste Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. I ngach cás, d’eascair na ró-íocaíochtaí pinsin as moilleanna ar thaobh an fhostóra seirbhíse poiblí lenar bhain maidir le fógra a thabhairt don Roinn Cosanta faoi athfhostú an phinsinéara. Tháinig ró-íocaíochtaí de €22,993 chun solais in 2021 maidir le seacht gcás, dar aisghabhadh €1,091.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Iarmhéid tosaigh** | | **40,327** | **50,201** |
| Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh sa bhliain | | 22,993 | 8,136 |
| | | 63,320 | 58,337 |
| **Forchúitithe** | | | |
| Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh in 2021 | 1,091 | | |
| Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh roimh 2021 | 8,260 | 9,351 | 18,010 |
| **Iarmhéid deiridh** | | **53,969** | **40,327** |